



# Beartas Cosanta Sonraí CNCM

## Forbairt agus formheas an bheartais

D'fhorbair an Fhoireann Cosanta Sonraí an beartas	R1 – R2 2018
D'fhormheas an Chomhairle an beartas	R2 2018 (cruinniú mhí an Mheithimh)
D'athbhreithnigh agus nuashonraigh an Fhoireann Cosanta Sonraí an beartas	R3 2019
D'fhormheas an Chomhairle an beartas	R3 2019 (cruinniú mhí Mheán Fómhair)
D'athbhreithnigh agus nuashonraigh an Fhoireann Cosanta Sonraí an beartas	R3 2020
D'fhormheas an Chomhairle an beartas	R3 2020 (cruinniú mhí Mheán Fómhair)

# An Clár Ábhar

An Clár Ábhar	3
Réamhrá	5
Bunús dlíthiúil chun sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil	5
Daoine is ábhar do shonraí agus cineálacha sonraí pearsanta	6
Na seacht mbunphrionsabal	6
1. Dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht	7
2. Cuspóir a theorannú	7
3. Sonraí a íoslaghdú	7
4. Cruinneas	8
5. Tréimhse stórála a theorannú	8
6. Sláine agus rúndacht	8
7. Freagracht	9
Cur chuige riosca-bhunaithe i leith cosaint sonraí a leabú	10
Cearta príobháideachta daoine is ábhar do shonraí	10
Iniomparthacht sonraí	11
Nochtadh do thríú páirtithe	11
Cumarsáid le daoine is ábhar do shonraí	13
Toiliú	13
Sáruithe ar shonraí pearsanta	14
Freagrachtaí	15
Aguisín C: Beartas um Iarratas Duine ar a Shonraí Pearsanta	21
Próiseas IDSP	24
Céim 1: Faisnéis a iarraidh	24
Aguisín D: Foirm um Iarratas Duine ar a Shonraí Pearsanta (IDSP)	28

Aguisín E: Sampla de Chomhaontú Comhroinnte Sonraí idir	31
<a href="#"><u>Aguisín F: Fógra príobháideachta ar shuíomh gréasáin na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta – <a href="http://www.ncca.ie">www.ncca.ie</a></u></a>	33
Aguisín G: Doiciméid Toilithe	36
Aguisín H: Litir shamplach a úsáidtear chun faisnéis a thabhairt maidir le cosaint sonraí	41
Aguisín I: Beartas CNCM um Sháruithe ar Shonraí	43
Aguisín J: Clár CNCM um Sháruithe ar Shonraí	48

## Réamhrá

Is gníomhaireacht reachtúil faoi choimirce na Roinne Oideachais í an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Cuireann CNCM comhairle ar an Aire faoi churaclam agus faoi mheasúnú don oideachas luath-óige, bunscoile agus iar-bhunscoile. Déanann CNCM a dícheall chun ceanglais an Achta um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí (2019)<sup>1</sup>, an Bhille um Chosaint Sonraí, 2018, an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus na Teorach um Fhorfheidhmiú an Dlí 2016/680 a chomhlíonadh, ina leagtar amach na caighdeáin riachtanacha maidir le cearta príobháideachta na ndaoine is ábhar do na sonraí a chosaint agus maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil.

Is Rialaitheoir Sonraí agus Próiseálaí Sonraí í CNCM. Leagtar amach sa cháipéis beartais seo freagrachtaí na heagraíochta maidir le cosaint sonraí agus tugtar breac-chuntas ar na bunphrionsabail maidir le sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil d'fhonn na freagrachtaí sin a chomhlíonadh. Mínítear na príomhthéarmaí a úsáidtear sa bheartas sa Ghluais Téarmaí in Aguisín A.

## Bunús dlíthiúil chun sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil

Leagtar amach ról CNCM in Airteagal 41 den Acht Oideachais (1998):

*41.— (1) Is é is cuspóir don Chomhairle comhairle a thabhairt don Aire maidir le nithe a bhaineann—*

*(a) leis an gcuraclam don oideachas luath-óige, do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna, agus*

*(b) leis na nósanna imeachta measúnachta a úsáidtear i scoileanna agus le scrúduithe in ábhair atá mar chuid den churaclam.*

Dá bhrí sin, is cuid d'obair CNCM é sonraí a phróiseáil chun a sainchúram reachtúil a chomhlíonadh maidir le comhairle a thabhairt don Aire Oideachais ar chúrsaí curaclaim agus

---

<sup>1</sup> Ritheadh an tAcht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí (2019) in Éirinn ar an 4 Márta 2019 agus níor cuireadh i feidhm go fóill é. Táthar ag súil leis go gcuirfidh an tAcht ar chumas na gcomhlachtaí poiblí seirbhís atá níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí ó thaobh costas de a chur ar fáil ach bunús soiléir dlí a sholáthar dóibh maidir le sonraí pearsanta a roinnt faoi imthosca áirithe. Leagtar amach san Acht ceanglais shonracha maidir le comhaontuithe comhroinnte sonraí lena n-áirítear go gcaitear iad a athbhreithniú gach cúig bliana. Ní chuimsítear Sonraí Catagóire Speisialta san Acht.

measúnaithe ón oideachas luath-óige go hoideachas na sraithe sinsearaí. Sa chás go mbítear ag oibriú le suíomhanna agus scoileanna luath-óige, iarrann an Chomhairle toiliú freisin ar na daoine a bhfuil baint acu leis an obair. Áirítear orthu sin páistí/scoláirí, tuismitheoirí/caomhnóirí, cleachtóirí/múinteoirí, agus bainisteoirí/príomhoidí.

## Daoine is ábhar do shonraí agus cineálacha sonraí pearsanta

Agus a sainchúram reachtúil á chomhlíonadh aige, bailíonn agus próiseálann CNCM sonraí pearsanta ó na daoine seo a leanas:

- fostaithe
- conraitheoirí
- baill foirne choimisiúnaithe
- Baill den Chomhairle, baill de bhoird agus meithleacha forbartha
- daoine aonair a ghlacann páirt i gcomhairliúchán CNCM
- daoine aonair a ghlacann páirt in obair shuíomhbhunaithe/scoilbhunaithe.
- daoine a bhí páirteach sa taighde.

Áirítear ar na catagóirí sonraí pearsanta a choimeádann CNCM sonraí teagmhála, sonraí airgeadais, sonraí ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus sonraí caidrimh dhaonna. I gcás daoine aonair i suíomhanna oideachais atá ag obair le CNCM, d'fhéadfadh sé go n-áireofaí na sonraí pearsanta seo a leanas freisin:

- taifeadtaí físe
- taifeadtaí fuaime
- grianghraif
- saothar lámhtharraingthe agus lámhscríofa a atáirgeadh
- Uimhreacha clárúcháin na Comhairle Múinteoireachta

Stóráilann CNCM an t-ábhar ilmheán, déanann sí eagarthóireacht air d'fhoilseacháin a úsáidtear chun tacú le hobair CNCM, cuirtear i láthair ag imeachtaí CNCM é agus foilsítear ar shuíomhanna gréasáin na heagraíochta é.

## Na seacht mbunphrionsabal

Tacaíonn na seacht bprionsabal seo a leanas atá i gcroílár an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí le cur chuige agus obair CNCM maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil. Déantar cur síos gairid ar gach prionsabal thíos. Úsáideann an Chomhairle tacar cáipéisí chun daoine is ábhar do shonraí a chur ar an eolas faoi na sonraí pearsanta a bhailítear agus conas agus cén fáth a ndéantar iad a phróiseáil. Cuimsítear sa cháipéisíocht sin an Beartas Cosanta Sonraí, fógraí príobháideachta agus foirmeacha, mar shampla, foirmeacha toilithe, foirmeacha iarratais poist, foirmeacha coimisiúnaithe agus foirmeacha taistil agus cothaithe.

### **1. Dílthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht**

*Ní mór sonraí pearsanta a phróiseáil go dleathach, go cothrom agus ar bhealach trédhearcach maidir leis an duine is ábhar do na sonraí.*

Baineann an prionsabal seo le bunús dleathach a bheith ag an rialaitheoir/próiseálaí sonraí chun sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil agus chun daoine is ábhar do na sonraí a chur ar an eolas go bhfuil sonraí pearsanta á mbailiú, faoi na sonraí atá á mbailiú agus faoin gcuspóir lena mbailiú. Ní bhailíonn CNCM ach sonraí pearsanta a theastaíonn chun a sainchúram reachtúil faoi Airteagal 41 den Acht Oideachais a dhéanamh agus cuireann sí daoine is ábhar do na sonraí ar an eolas, ag an bpointe bailithe, faoin gcaoi a n-úsáidfean na sonraí.

### **2. Cuspóir a theorannú**

*Bailítear sonraí pearsanta chun críocha sonraithe, follasacha agus dlisteanacha agus ní dhéantar iad a phróiseáil tuilleadh ar bhealach nach luíonn leis na críocha sin.*

Baineann an prionsabal le sonraí a úsáid chun na críche/na gcríoch a chuirtear in iúl do dhaoine is ábhar do na sonraí amháin. Cuireann CNCM daoine is ábhar do na sonraí ar an eolas faoin bhfáth/na fáthanna a mbailítear a gcuid sonraí pearsanta, agus úsáideann sí na sonraí chun na críche/na gcríoch sin atá beartaithe amháin.

### **3. Sonraí a íoslaghdú**

*Caithfidh sonraí pearsanta a bheith leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid atá riachtanach i ndáil leis na críocha dá ndéantar iad a phróiseáil.*

Baineann an prionsabal seo le bailiú sonraí a shrianadh ionas nach mbaileofar ach na sonraí a theastaíonn chun críche sonraithe agus ionas nach ndéanfar na sonraí sin a dhúbailt nuair

nach gá. Ní bhailíonn agus ní choimeádann CNCM ach sonraí a theastaíonn ón gComhairle chun a sainchúram reachtúil a dhéanamh mar atá leagtha amach san Acht Oideachais (1998).

#### **4. Cruinneas**

*Caithfidh sonraí pearsanta a bheith cruinn agus, nuair is gá, caithfear iad a choinneáil cothrom chun dáta.*

Baineann an prionsabal seo lena thábhachtaí atá sé a chinntiú, a oiread agus is indéanta, go bhfuil na sonraí pearsanta a stóráiltear cruinn. Déanann CNCM gach beart réasúnach lena chinntiú go bhfuil na sonraí pearsanta atá aici cruinn. Tá sé de fhreagracht ar dhaoine is ábhar do shonraí sonraí a chinntiú go bhfuil na sonraí ceart ag an bpointe bailithe. Féadfaidh daoine is ábhar do shonraí teagmháil a dhéanamh le CNCM ag am ar bith agus a iarraidh go ndéanfar sonraí pearsanta a nuashonrú agus/nó a cheartú.

#### **5. Tréimhse stórála a theorannú**

*Níor cheart sonraí pearsanta a choimeád níos faide ná mar is gá chun na gcríoch sin ar chucu a ndéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil.*

Cuirtear in iúl leis an bprionsabal seo nár cheart sonraí pearsanta a choimeád níos faide ná mar is gá. I bhfianaise na dtréimhsí ábhartha coimeáda chun ceanglais dlí agus chonartha a chomhlíonadh, scríosann CNCM sonraí a luaithe a mbaintear amach an cuspóir/na cuspóirí dá raibh siad beartaithe. Áirítear leis na heisceachtaí uaidh sin cásanna ina bhfuil na sonraí ag teastáil mar chuid de phróiseas smachta, próiseas achomhairc, nó cás dlí.

#### **6. Sláine agus rúndacht**

*Próiseálfar sonraí ar bhealach a áirithíonn slándáil iomchuí sonraí pearsanta, lena n-áirítear cosaint i gcoinne próiseáil neamhúdaraíthe nó neamhdhleathach agus i gcoinne cailteanas, scríosadh nó damáiste trí thimpiste ach bearta iomchuí teicniúla agus eagrúcháin a úsáid.*

Baineann an prionsabal seo lena thábhachtaí atá sé go stóráiltear sonraí pearsanta go sábháilte agus nach mbeadh rochtain orthu ach ag daoine údaraíthe amháin. Úsáideann CNCM ardáin shlána TF chun sonraí pearsanta a stóráil agus glacann sí bearta réasúnta agus praiticiúla chun cosc a chur ar shonraí pearsanta a ghoid agus a mhí-úsáid agus chun sárúithe ar shonraí pearsanta a chosc. Bíonn baill foirne a bhfuil rochtain acu ar shonraí pearsanta ag plé go díreach leis na sonraí a úsáid agus/nó déanann siad maoirseacht ar an obair. Tá rochtain



ar na hardáin TF cosanta ag pasfhocal. Ina theannta sin, tá ríomhairí agus táibléid CNCM criptithe agus tá fíordheimhniú cúil acu, de réir na mbeart atá á ndéanamh i réimse níos leithne na cibearshlándála. Is féidir gach gléas a dhíchumasú go cianda agus a dhíothú, agus scriostar na sonraí go léir lena n-áirítear sonraí pearsanta sa chás gur goideadh nó gur cailleadh an gléas. Sa chás go n-aimsítear an gléas, is féidir na sonraí a thabhairt ar ais don úsáideoir. Tá tuilleadh faisnéise faoi shlándáil sonraí i mbeartas TF CNCM.

I gcás samplaí d'obair scoláirí, stóráiltear cuid acu i spás atá cosanta ag pasfhocal ar [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie). Bíonn rochtain ar an limistéar seo teoranta do na baill foirne de chuid CNCM atá ag obair ar na samplaí agus do mhúinteoirí a bhfuil uimhreacha clárúcháin gníomhacha ón gComhairle Mhúinteoireachta acu.

D'fhág paindéim an Choróinvíris gurbh éigean don eagraíocht aistriú chuig an gchianobair ó bhí lár mhí an Mhárta 2020, ann. Agus an fhéidearthacht ann go mairfidh sé seo tamall maith eile, faoi riocht cianoibriú iomlán nó cianoibriú páirteach, lean CNCM de bheith ag tabhairt aird faoi leith ar an gcosaint sonraí faoi na cúinsí seo agus tá tosaíocht déanta aici de na bearta seo a leanas:

- oiliúint a thairiscint do bhaill foirne ar bhogearraí comhdhála a úsáid agus béim ann ar chleachtais slándála
- a chinntiú go mbíonn fáil ag gach ball foirne ar ghléas CNCM-chláráithe le haghaidh a chuid oibre
- prótacail a fhorbairt i dtaca le socrú na gcruinnithe cianda
- foláirimh bhreise slándála a chur isteach chun cuntais úsáideora a shainnithint atá i mbaol ionsaithe fioscaireachta
- treoir shoiléir a fhorbairt ar chéimeanna tábhachtacha praiticiúla chun sonraí pearsanta a chosaint (féach Aguisín B mar shampla).

Chun monatóireacht a dhéanamh ar na bearta sin agus chun measúnú a dhéanamh ar thacaíocht bhreise eagraíochtúil, tá an chianobair ina mír seasta ar an gclár ag gach cruinniú den Ghrúpa TF agus den Fhoireann Cosanta Sonraí. Táthar tar éis an chianobair a chur leis an gClár Rioscaí freisin, mar aitheantas do na rioscaí bainteacha, lena n-áirítear cosaint sonraí, agus sainnithníodh rialúcháin a chabhródh lena maolú.

## **7. Freagracht**

Baineann an prionsabal seo leis an gcumas chun cloí le prionsabail na cosanta sonraí mar a mhínítear thuas agus línte soiléire freagrachta as na sonraí a bheith ann. Déanann CNCM gach beart réasúnach lena chinntiú go gcloítear leis na ceanglais cosanta sonraí. Féach ar *Freagrachtaí* ar leathanach 13 chun tuilleadh eolais a fháil.

## Cur chuige riosca-bhunaithe i leith cosaint sonraí a leabú

Úsáideann CNCM cur chuige riosca-bhunaithe i leith sonraí a phróiseáil. Agus seo ar bun acu, áiríonn foirne tionscadail fócas ar an mbainistiú rioscaí agus iad i mbun pleanála, monatóireachta agus athbhreithniú ar an obair. Cuimsíonn cur chuige sin an bhainistithe rioscaí cosaint sonraí. Déanann an Fhoireann Cosanta Sonraí rioscaí níos leithne agus níos uileghabhálaí a shainaithint agus cuirtear bearta maolaithe i bhfeidhm agus coinnítear rioscaí faoi athbhreithniú. Cuirtear é sin go léir isteach ar phríomh-Chlár Rioscaí na heagraíochta agus treoraíonn sé é. Dá réir sin, déanann an Grúpa Stiúrthóirí, an Fhoireann Ardbhainistíochta, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Chomhairle an príomh-Chlár Rioscaí a athbhreithniú go tráthrialta. Cabhraíonn an cur chuige riosca-bhunaithe seo linn prionsabail na cosanta sonraí a leabú in obair na heagraíochta agus cinntíonn sé, chomh maith, go gcuirtear san áireamh sa Chlár Rioscaí rioscaí úra agus rioscaí atá ag teacht chun cinn mar aon leis na gníomhartha maolaithe bainteacha.

## Ceartha príobháideachta daoine is ábhar do shonraí

Mar Rialaitheoir Sonraí agus Próiseálaí Sonraí, gníomhaíonn CNCM chun a chinntiú go gcaomhnófar agus go gcosnófar ceartha príobháideachta daoine is ábhar do shonraí. Áirítear na ceartha seo a leanas leis na ceartha sin:

- Cuirfear an duine is ábhar do na sonraí ar an eolas nuair a dhéanann CNCM sonraí pearsanta a bhailiú agus a úsáid
- Beidh sé de cheart ag an duine is ábhar do na sonraí rochtain a fháil ar na sonraí pearsanta a choinnítear air agus na sonraí sin a iarraidh i bhformáid iniompartha
- Ceartófar/nuashonrófar na sonraí pearsanta má tá aon chuid de na sonraí sin míchruinn nó neamhiomlán

- Beidh sé de cheart ag an duine is ábhar do na sonraí a iarraidh ar CNCM na sonraí pearsanta a choimeádtar air a scriosadh. Caithfear sin a dhéanamh, áfach, i gcomhréir le haon oibleagáidí dlíthiúla nó reachtúla.
- Beidh sé de cheart ag an duine is ábhar do na sonraí an phróiseáil a dhéantar ar a shonraí pearsanta a shrianadh nó deireadh a chur léi
- Beidh sé de cheart ag an duine is ábhar do na sonraí cur i gcoinne CNCM ag baint úsáid as a shonraí chun críche/críocha áirithe.

### **Iniomparthacht sonraí**

Tá sé de cheart ag daoine is ábhar do shonraí cóip de na sonraí a chuir siad ar fáil do CNCM a fháil, ach iad a iarraidh. Tá sé de cheart acu í sin a fháil i bhformáid struchtúrtha a chuireann ar a gcumas na sonraí a aistriú chuig rialaitheoir/próiseálaí eile. De réir RGCS, ní ghearrann CNCM aon táille ar an tseirbhís sin. Déantar iarratais ar chóip de shonraí a fháil i bhformáid iniompartha mar Iarratas Duine ar a Shonraí Pearsanta. Próiseálfar na hiarratais sin laistigh de 30 lá ar an gcoinníoll nach bhfuil siad iomarcach agus nach gcuireann siad isteach ar chearta daoine aonair eile. Chun faisnéis a fháil faoin bpróiseas sin, féach ar *Beartas um Iarratas Duine ar a Shonraí Pearsanta* in Aguisín C agus *Foirm um Iarratas Duine ar a Shonraí Pearsanta* in Aguisín D.

### **Nochtadh do thríú páirtithe**

Úsáideann CNCM Comhaontuithe Comhroinnte Sonraí agus Conarthaí Próiseála Sonraí sa chás ina mbíonn baint ag tríú páirtithe le próiseáil sonraí pearsanta thar a ceann. Áirítear ar na samplaí d’obair a bhaineann le socruithe den sórt sin tríú páirtithe a úsáidtear chun sonraí a bhailiú, a anailísiú agus/nó a thuairisciú mar chuid de chomhairliúcháin nó de thionscadail taighde, agus ábhar ilmheán a roinnt le seirbhísí tacaíochta. Úsáidtear Conarthaí Próiseála Sonraí chomh maith le haghaidh gnéithe den rialachas corparáideach lena n-áirítear seirbhísí airgeadais a cheannaíonn an Chomhairle. Leagtar amach sna comhaontuithe agus sna conarthaí cuspóir na próiseála, na daoine is ábhar do na sonraí, na catagóirí sonraí lena mbaineann, agus gur gá don tríú páirtí a chinntiú go bhfuil bearta iomchuí i bhfeidhm chun na sonraí pearsanta a chosaint. Ní cheadaítear don tríú páirtí na sonraí a úsáid chun aon chríche

seachas an chríoch a shonraíonn CNCM. Tá sampla le fáil in Aguisín E. Beidh tionchar ag catagóirí na sonraí pearsanta atá á roinnt, méid na sonraí atá i gceist, agus na rioscaí a bhaineann leis an gcomhroinnt agus an phróiseáil ar leibhéal na mionsonraí a chuimseofar.

## Measúnachtaí ar Thionchar Cosanta Sonraí

I bhfianaise an chur chuige riosca-bhunaithe i leith na cosanta sonraí a ghlacann CNCM, agus an tábhacht a bhaineann le breithnithe príobháideachta a chur san áireamh ón tús agus réimsí oibre á bpleanáil, cuirfidh CNCM Measúnachtaí ar Thionchar Cosanta Sonraí (DPIA) i gcrích nuair a mheastar go mbeidh sé ina chuidiú nó go bhfuil gá leis. Is próiseas é DPIA chun breithniú go córasach ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag tionscadal nó tionscnamh ar phríobháideacht daoine aonair. Cuirfidh DPIA ar chumas na heagraíochta saincheisteanna féideartha príobháideachta a shainaithint sula dtiocfaidh siad chun cinn agus teacht ar bhealach chun iad a mhaolú. Má thaispeánann DPIA nach féidir na rioscaí a sainaitníodh a mhaolú go hiomlán, rachaidh CNCM i gcomhairle leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí.

I gcás tairiscintí le haghaidh taighde agus mar a bhfuil bailiú sonraí pearsanta ar scála mór i gceist, iarrann CNCM go gcuirtear faisnéis sa tairiscint maidir le cosaint sonraí lena n-áirítear próisis, cosaintí, anailís riosca, agus tosca maolaitheacha. Leagtar amach sna conarthaí taighde socruithe maidir le rialaitheoir/próiseálaí sonraí.

## Cumarsáid le daoine is ábhar do shonraí

Cuirfear daoine is ábhar do shonraí ar an eolas faoi na rudaí seo a leanas sula mbailítear sonraí pearsanta mar chuid d'obair CNCM nó ag tráth a mbailithe:

- na cineálacha sonraí pearsanta a bhailítear
- an críoch/na críocha chuig a n-úsáidfeá na sonraí
- modhanna próiseála
- cearta daoine is ábhar do shonraí maidir lena sonraí pearsanta,
- an tréimhse coinneála,
- cibé a roinnfeá sonraí le tríú páirtithe nó nach roinnfeá.

I gcás obair CNCM le suíomhanna luath-óige agus scoileanna, agus mar a n-iarrtar toiliú chun sonraí a bhailiú i bhformáid scríofa, trí thairneáil ilmheán agus/nó samplaí d'obair páistí/scoláirí, tugtar an fhaisnéis thuas i bhfoirm litreach do gach tuismitheoir/caomhnóir agus don scoláire sa chás ina bhfuil sé 18 mbliana d'aois. I gcás úsáideoirí a thugann cuairt ar shuíomhanna gréasáin CNCM, soláthraítear an fhaisnéis i ráiteas príobháideachais agus ráiteas fianán. Féach ar Aguisíní F, G agus H.

## Toiliú

Mar a leagadh amach cheana, bailíonn agus próiseálann CNCM sonraí pearsanta d'fhonn a sainchúram reachtúil a dhéanamh mar a leagtar amach in Airteagal 41 den Acht Oideachais (1998). Tá eiseamláiriú ar obair páistí/scoláirí agus an teagasc agus foghlaim ríthábhachtach do obair CNCM chun sonraíochtaí curaclaim a fhorbairt. Mar chuid de sin, bítear ag oibriú go díreach le cleachtóirí/múinteoirí, bainisteoirí/príomhoidí, páistí/scoláirí, agus tuismitheoirí chun samplaí físe, fuaime agus grianghrafadóireachta a bhailiú ó shuíomhanna luath-óige agus ó bhunscoileanna agus ó iar-bhunscoileanna. Agus an obair seo ar bun, iarrann CNCM toiliú ar gach páiste/scoláire agus ar a thuismitheoir/caomhnóir, agus an fhoireann. I gcás páistí óga, iarrtar comhaontú. Nuair a iarrtar toiliú, cuirtear daoine is ábhar do na sonraí ar an eolas faoin bhfáth/na fáthanna a bhfuil samplaí á mbailiú agus cuirtear ar an eolas iad faoin gcaoi a n-úsáidfeá na samplaí. Má fhoilsítear samplaí d'obair páistí/scoláirí, ní úsáidtear

sloinnte sna taifeadtaí nó san obair scríofa. Féadfaidh daoine is ábhar do shonraí a iarraidh go mbainfí a n-íomhá de shuíomhanna gréasáin CNCM am ar bith sa todhchaí ach teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí CNCM. Féach ar Aguisíní G agus H le haghaidh samplaí de dhoiciméid toilithe CNCM a úsáideadh i dtionscadail roimhe seo. Bunaithe ar an aiseolas a fuarthas ó scoileanna agus ó bhaill foirne ar fud na heagraíochta, déantar na foirmeacha toilithe a athbhreithniú go rialta agus a nuashonrú de réir mar is gá.

In amanna, déanann CNCM obair a choimisiúnú mar a mbíonn tríú páirtithe ag obair le páistí, daoine óga, cleachtóirí, tuismitheoirí agus ceannairí scoile. Bíonn sé sin ábhartha go háirithe i réimsí ina mbíonn taighde i gceist. Sna cásanna sin, leagtar amach sna conarthaí taighde leis na tríú páirtithe na riachtanais, freagrachtaí agus cosaintí cosanta sonraí iomchuí. Is bunchuid de sin iad na foirmeacha toilithe.

## Sárúithe ar shonraí pearsanta

Mar a shonraítear thuas, déanann CNCM gach beart réasúnta chun a áirithiú go stóráiltear sonraí pearsanta go sábháilte agus faoi rún. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go dtarlódh sárú ar shonraí pearsanta. Tá próiseas ag CNCM chun freagairt do shárúithe a bhí ar tí tarlú agus do shárúithe má tharlaíonn siad. Cuimsítear leis sin nósanna imeachta atá sainithe go soiléir maidir le tuairisciú inmheánach a dhéanamh ar shárúithe, iniúchadh a dhéanamh ar na sárúithe, cinnteoireacht chuí a dhéanamh mar fhreagairt do shárúithe, agus nuair is gá, na sárúithe a thuairisciú do na daoine cuí is ábhar do shonraí, agus don Choimisinéir Cosanta Sonraí laistigh de 72 uair de réir an dlí, agus an scéal a chur faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus na Comhairle. Féach ar Aguisíní I agus J i gcomhair an Bheartais um Shárúithe ar Shonraí agus an Chláir pro forma um Shárúithe ar Shonraí. Coinnítear taifead ar shárúithe a bhí ar tí tarlú agus ar shárúithe a tharla agus cuireann sé sin bonn eolais faoi obair leanúnach na Foirne Cosanta Sonraí maidir le rioscaí a athbhreithniú, straitéisí breise maolaithe a shainiú agus bearta iomchuí a chur i bhfeidhm go pras.

Mar chuid de na cleachtais chibearshlándála laistigh de CNCM, déantar ionsamhlúcháin bainistithe bagairtí a rith ar bhonn rialta chun sláine chuntais CNCM a mheasúnú. Áirítear na nithe seo a leanas leis na hionsamhlúcháin:

- ionsaithe fioscaireachta spriocdhírithé/bainte faisnéise aitheantais chun iarracht a dhéanamh faisnéis íogair a fháil, mar shampla, ainmneacha úsáideora, pasfhocail agus faisnéis phearsanta eile
- ionsaithe lántrialacha ina n-úsáidtear modh tástála agus earráide agus gintear roinnt iomalartuithe pasfhocail chun cuntais úsáideora san Azure Directory a bhriseadh
- ionsaithe spraeáilte pasfhocail ina n-úsáidtear pasfhocail choitianta chun cuntais úsáideora a bhriseadh san Azure Directory.

De bhreis ar na hionsamhlúcháin seo, déanann CNCM tacaíocht bhreise TF a sheachfhoinsiú, rud a chuimsíonn tacaíocht chibearshlándála i gcás aon ionsaithe. Tá deimhniúchán ISO 27001, an caighdeán idirnáisiúnta le haghaidh bainistíocht slándáil faisnéise, ag an gcomhlacht atá freagrach as an tacaíocht sin.

Mar atá ann i gcás an taifid, cabhraíonn an fhoghlaim a dhéantar mar thoradh ar na hionsamhlúcháin mhíosúla le hobair na bhFoirne Cosanta Sonraí agus TF.

## Freagrachtaí

Tá gach ball d'fhoireann CNCM freagrach as a chinntiú go ndéanann siad sonraí pearsanta a phróiseáil go hiomchuí agus go gcomhlíonann siad na caighdeáin a leagtar amach sa bheartas seo. Chuige sin, cuireadh forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil do gach ball foirne maidir le cosaint sonraí agus cuirtear leis an oiliúint sin le himeacht ama le forbairt ghairmiúil leanúnach ar ghnéithe ar leith den chosaint sonraí, mar shampla, an chibearshlándáil. Tá an chosaint sonraí mar chuid den chlár ionduchtúcháin do bhaill foirne ar a bhfostú san eagraíocht.

Mar chomhlacht poiblí, tá Oifigeach Cosanta Sonraí ag an eagraíocht ar a bhfuil freagracht fhoriomlán as cosaint sonraí. Ina theannta sin, tá Leas-oifigeach Cosanta Sonraí ag an eagraíocht atá ina bhall den Fhoireann TF freisin. Ina theannta sin, is ball é an Príomh-Oifigeach rioscaí, arb é a dhéanann maoirsiú freisin ar shlándáil TF, den fhoireann, rud a sholáthraíonn nasc díreach idir an chosaint sonraí agus an chibearshlándáil. Faigheann an tOifigeach Cosanta Sonraí agus an Leas-oifigeach Cosanta Sonraí tacaíocht san obair a dhéanann siad ón bhfoireann Cosanta Sonraí, foireann a n-oibríonn a baill ar fud na eagraíochta agus atá freagrach go díreach don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin (féach Ich 2).

Tugtar an t-eolas is déanaí faoi obair a bhaineann le cosaint sonraí don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Tá oiliúint chreidiúnaithe sa réimse ar bhail den Fhoireann Cosanta Sonraí.



## Aguisín A: Gluais na bpríomhthéarmaí

Rialaitheoir sonraí	An duine nádúrtha nó dlítheanach, údarás poiblí, gníomhaireacht nó aon chomhlacht eile, a chinneann ina aonar nó i gcomhpháirt le daoine/dreamanna eile, críocha agus modhanna próiseála sonraí pearsanta.
Próiseálaí sonraí	An duine nádúrtha nó dlítheanach, údarás poiblí, gníomhaireacht nó aon chomhlacht eile, a phróiseálann sonraí pearsanta ar son rialaitheoir sonraí.
Sonraí a phróiseáil	Oibríocht nó tacar oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta nó ar thacair sonraí pearsanta, cibé acu atá modhanna uathoibrithe i gceist nó nach bhfuil, mar shampla sonraí a bhailiú, a thaifeadadh, a eagrú, a struchtúru, a stóráil, a oiriúnú nó a athrú, a aisghabháil, a chomhairliú, a úsáid, a nochtadh trí tarchur, a scaipeadh nó iad a chur ar fáil ar bhealach eile, a ailíniú nó a chomhcheangal, a shrianadh, nó a scriosadh.
Measúnú ar Thionchar Cosanta Sonraí (DPIA)	Déanann Measúnú ar Thionchar Cosanta Sonraí (DPIA) cur síos ar phróiseas a ceapadh chun rioscaí a eascraíonn as próiseáil sonraí pearsanta a aithint agus chun na rioscaí sin a íoslaghdú a oiread agus is féidir, agus a luaithe agus is féidir. Is uirlisí tábhachtacha iad DPIA chun riosca a chealú agus chun comhlíonadh, lena n-áirítear comhlíonadh leanúnach, le RGCS a thaispeáint.
Duine is ábhar do na sonraí	Is éard is duine is ábhar do na sonraí ann aon duine a bhailítear, a choimeádtar nó a phróiseáiltear a chuid sonraí.
Sonraí pearsanta	Aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó inaitheanta (duine is ábhar do na sonraí) ar féidir é a aithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe má dhéantar tagairt d'aitheantóir mar shampla, ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó má dhéantar tagairt do thoisc amháin nó roinnt tosca a bhaineann go sonrach le féiniúlacht fhisiceach, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine nádúrtha sin.
Sonraí pearsanta íogaire	Is fiú cosaint shonrach a dhéanamh ar shonraí pearsanta atá, de réir a chineáil, an-íogair maidir le cearta agus saoirsí bunúsacha mar go bhféadfadh comhthéacs a bpróiseála rioscaí suntasacha a chruthú do na cearta agus na saoirsí bunúsacha. Cuimsíonn na sonraí pearsanta sin sonraí a nochtann bunús ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creidimh reiligiúnacha nó fealsúnachta, nó ballraíocht i gceardchumann, sonraí géiniteacha, sonraí bithmhéadracha chun duine nádúrtha a shainaitheint go huathúil, sonraí a bhaineann le sláinte nó gnéaschlaonadh.

## **Aguisín B: Cosaint Sonraí agus oibriú ón mbaile**

Baineann na ceisteanna thíos leis an gcosaint sonraí i dtimpeallacht chianoibre. Tá Beartas Cosanta Sonraí CNCM chomh hábhartha agus chomh hinfheidhme céanna i gcomhthéacs cianoibre agus atá sé i dtimpeallacht na hoifige. Freagraíonn agus soiléiríonn an t-ábhar thíos ceisteanna saineúla atá tar éis eascairt as an ngá atá le haistriú go hiomlán chuig an gcianobair mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19. Beartaítear go dtacóidh an t-ábhar seo le baill foirne.

### **An féidir liom tosú ag obair ar cháipéis ar mo ghléas pearsanta féin?**

Ní féidir. Níor cheart ach amháin gléasanna CNCM a úsáid chun obair a dhéanamh ar cháipéisí agus ábhair de chuid CNCM. Má chruthaíonn tú nó má dhéanann tú eagarthóireacht ar cháipéis, iarrtar ort a chinntiú gur ar ghléas CNCM-chláraithe a dhéanann tú an obair. Tá próifíl ar gach gléas de chuid CNCM a ligeann duit tráchtanna a fhágáil ar cháipéisí a bhfuil tú ag comhoibriú le daoine eile orthu. Ar ghléasanna CNCM, beidh d'ainm féin le sonrú ach ar ghléasanna pearsanta, ní bheidh taobh leis an trácht ach 'author', beag beann ar an duine a rinne an trácht.

Trí cháipéis a chruthú agus a chur in eagar ar ghléas CNCM, cinntítear go mbíonn do phróifíl féin agus próifíl daoine eile san eagraíocht le sonrú sa cháipéis.

### **An féidir le daoine eile sa teach mo ghléas CNCM a úsáid?**

Ní féidir, níor cheart d'aon duine ach tú féin amháin gléas CNCM a úsáid. Ós rud é go mbíonn gach aon ghléas ceangailte d'ardáin dár gcuid amhail Teams agus Sharepoint, ardáin a bhfaigheann aíonna seachtracha cuireadh chucu agus a mbíonn cáipéisí íogaire orthu mar aon le sonraí pearsanta, ba cheart gur tusa an t-aon duine amháin a úsáideann do ghléas CNCM.

### **Cén úsáid a bhainfidh mé as mo ghléas CNCM?**

Níor cheart gléas CNCM a úsáid ach amháin le haghaidh obair oifigiúil CNCM. Ba cheart aipeanna sruthaithe, aipeanna físchomhdhála sóisialta ina measc, a úsáid ar ghléasanna pearsanta amháin agus níor cheart duit do ghléas CNCM a úsáid lena aghaidh seo. Is féidir go n-eascródh fadhbanna slándála as íoslódáil na mbogearraí nach mbeadh baint acu leis an

obair, rud a chuirfeadh, de thaisme, le sáruihte ar shonraí. Mar gheall air sin, iarrtar ort gan gléasanna CNCM a úsáid ach chun críche obair CNCM amháin.

### **Cén áit ar féidir liom obair a shábháil sa bhaile?**

Ba cheart aon chomhaid CNCM a stóráil ar do OneDrive CNCM, ar Sharepoint nó ar MS Teams, ag brath ar pé acu ab oiriúnaí don ábhar a bheadh i gceist. Iarrtar ort gan comhaid a shábháil ar an deasc ná ar ghléasanna stórála. Eisceacht air seo ná obair ilmheán.

Caithfidh mé obair ar pháipéarachas a tháinig tríd an bpost nó a priontáladh sa bhaile. Cad é an bealach is fearr chun é sin a dhéanamh ó thaobh cosaint sonraí de?

Nuair is féidir, ná tabhair páipéarachas abhaile leat agus ná priontáil cáipéisí a bhfuil baint acu le CNCM sa bhaile. Más amhlaidh go gcaithfidh tú cáipéisí a thabhairt abhaile leat, bheadh sé inmholta na cáipéisí a scanadh go PDF, na comhaid a stóráil ar do OneDrive agus iad a scríosadh a luaithe a bhíonn tú réidh leo. Ní mór aon cháipéisí cruachóipe a thugtar abhaile a stóráil in áit shlán. Tá sé seo tábhachtach go háirithe nuair a bhíonn sonraí pearsanta sna cáipéisí/páipéir a bhaineann le baill foirne CNCM agus/nó daoine eile. Nuair is gá nithe a phriontáil sa bhaile, ní mór duit a chinntiú go gcoinnítear ábhair phriontáilte in áit shlán agus go gcuirtear ar ais chun na hoifige iad lena gcur i dtaisce nó a stialladh.

### **An gcaithfidh mé mo ghléas a mhúchadh nuair nach mbíonn sé in úsáid agam?**

Ná fág gléasanna CNCM oscailte agus gan tú i bhfeighil orthu. Má tá tú ag imeacht ó do ghléas ar feadh tréimhse ama, cuir an gléas a chodladh nó cuir faoi ghlas é tríd an teaghlaim eochracha Alt+Ctrl+Del a úsáid. Má tá tú críochnaithe le do ghléas don lá, múch é agus cuir ar shiúl in áit shlán é.

### **Cad iad na roghanna atá agam le haghaidh na físchomhdhála?**

Bíonn fáil ag gach ball foirne ar Microsoft Teams le haghaidh físchomhdhálacha inmheánacha agus físchomhdhálacha seachtracha. I gcás cruinnithe níos mó, mar a bhféadfadh sé nach mbeadh Microsoft Teams oiriúnach, tá dhá chuntas Zoom ar leith anois ann – ceann amháin le haghaidh na hiar-bhunscolaíochta agus ceann eile le haghaidh luath-óige agus bunscolaíochta. Agus físchomhdháil á heagrú agat, is iad sin an dá ardán amháin ba cheart a úsáid. Le linn na físchomhdhála, cinntigh gur tusa an t-aon duine atá le feiceáil ar an scáileán ó do ghléas. Ag brath ar a íogaire atá an cruinniú, má bhraitheann tú in am ar

bith nach bhfuil dóthain próbháideachais agat le cur leis an gcruinniú, mar shampla, más gá do dhuine eile an seomra a chomhroinnt leat ag an am sin, iarrtar ort a chur in iúl don tionólaí nach mbeidh tú in ann a bheith rannpháirteach sa chruinniú.

## Aguisín C: Beartas um Iarratas Duine ar a Shonraí Pearsanta

### Réamhrá

Faoi RGCS, tá sé de cheart ag gach duine rochtain ar a chuid faisnéise pearsanta a iarraidh. Leagtar amach sa Bheartas seo um Iarratas Duine ar a Shonraí Pearsanta (IDSP) an chaoi a bhfreagraíonn an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta d'Iarratais den saghas sin a dhéanann daoine aonair chun rochtain a fháil ar a shonraí pearsanta agus an chaoi a ndéileálann sí leis na hiarratais. Is é aidhm don bheartas CNCM a chumasú i dtaobh na nithe seo a leanas:

- ár n-oibleagáidí faoi RGCS a chomhlíonadh, agus go háirithe, freagairt go tráthúil agus go hiomchuí do IDSPanna;
- a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis a choinnítear faoi dhaoine is ábhar do shonraí cruinn agus cothrom le dáta; agus
- an leibhéal muiníne a mhéadú ach a bheith oscailte le daoine aonair faoin bhfaisnéis a choinnítear fúthu.

### Cé dó a bhfuil an nós imeachta IDSP seo?

Cuirtear an nós imeachta ar fáil do dhaoine aonair agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí páistí a ndearna CNCM taifead orthu nó ar atáirgeadh agus ar foilsíodh a gcuid oibre. Áirítear na nithe seo a leanas leis sin:

- Taifeadtaí físe
- Taifeadtaí fuaime
- Grianghraif
- Saothar lámhtharraingthe agus lámhscríofa a atáirgeadh.

Stóráilann CNCM an t-ábhar ilmheán sin, déanann sí eagarthóireacht air d'fhoilseacháin a úsáidtear chun tacú le hobair CNCM, cuirtear i láthair ag imeachtaí CNCM é agus foilsítear ar shuíomhanna gréasáin na heagraíochta é.

Baineann an beartas freisin le IDSP ó na daoine seo a leanas:

- fostaithe reatha nó iarfhostaithe, idir bhuan agus sealadach
- conraitheoirí reatha agus iarchonraitheoirí
- baill foirne choimisiúnaithe reatha agus iarbhail foirne choimisiúnaithe

- baill reatha agus iarbhaill den Chomhairle, agus baill reatha agus iarbhaill de mheithleacha ábhair nó forbartha
- daoine aonair a ghlacann páirt i gcomhairliúchán CNCM
- daoine aonair a ghlac páirt i líonra CNCM san am a chuaigh thart agus iad siúd a ghlacann páirt sa líonra faoi láthair.

## Ceartha an duine is ábhar do na sonraí

Má tá faisnéis phearsanta á próiseáil, tá na ceartha seo a leanas ag duine is ábhar do na sonraí:

- A bheith ar an eolas cibé atá aon sonraí pearsanta ag rialaitheoir sonraí faoi nó nach bhfuil.
- Tuairisc a fháil ar na sonraí a choinnítear faoi agus, má tá sé incheadaithe agus praiticiúil, cóip de na sonraí a fháil.
- Eolas a fháil ar an gcúis/na cúiseanna a bhfuil a shonraí á bpróiseáil, agus an áit ónar bhfuarthas iad.
- Eolas a fháil ar cibé acu atá an fhaisnéis á nochtadh do dhuine eile ar bith seachas faighteoir bunaidh na sonraí nó nach bhfuil; agus má tá, eolas a fháil ar chéannacht na bhfaighteoirí sin.
- An ceart chun iniomparthacht sonraí. Féadfaidh daoine is ábhar do shonraí a iarraidh go n-aistrefaí a sonraí pearsanta chucu nó chuig tríú páirtí i bhformáid atá inléite ag meaisín (JPG, scannán MP4, Word, PDF, srl.) Mar sin féin, ní féidir iarratais den sórt sin a chomhlíonadh ach amháin má shásaítear na riachtanais seo a leanas: 1) thug an duine is ábhar do na sonraí na sonraí do CNCM, 2) déantar na sonraí a phróiseáil go huathoibríoch agus 3) próiseáiltear na sonraí bunaithe ar thoiliú nó ar chonradh a chomhlíonadh.
- An ceart chun sonraí pearsanta míchearta a choinnítear a cheartú.
- An ceart sonraí pearsanta a scríosadh. Níl sé sin infheidhmithe ach in imthosca áirithe agus ní ceart iomlán é. Féadfaidh an duine is ábhar do na sonraí a iarraidh go scríosfaí a shonraí pearsanta má shásaítear na riachtanais seo a leanas:
  - níl na sonraí pearsanta ag teastáil a thuilleadh chun na críche chuig ar bailíodh nó ar próiseáladh ar dtús iad
  - Má táthar ag brath ar thoiliú mar bhunús dleathach chun na sonraí a choinneáil, agus má dhéanann an duine aonair a thoiliú a tharraingt siar.

## Iarratas Duine ar a Shonraí Pearsanta (IDSP)

Tá Iarratas Duine ar a Shonraí Pearsanta (IDSP) i gceist le hiarratas ar bith a dhéanann duine aonair nó tuismitheoir/caomhnóir thar ceann a pháiste le haghaidh faisnéis a choinníonn CNCM orthu a fháil. Caithfear IDSP a dhéanamh i scríbhinn, go leictreonach nó tríd an bpost. Ní dhéanfaidh CNCM próiseáil ar iarratais a dhéantar ó bhéal ar fhaisnéis a choinnítear faoi dhuine aonair. Cuirfear Foirm IDSP ar fáil do dhuine aonair ar mian leis iarratas a dhéanamh (féach ar Aguisín F).

Sa chás go ndéanann duine Iarratas ar a Shonraí Pearsanta ó bhéal chuig ball foirne CNCM, ba cheart tuilleadh treorach a lorg ó **Oifigeach Cosanta Sonraí CNCM** a threoróidh an duine aonair chuig an

bhFoirm IDSP agus a chuirfidh in iúl don duine aonair gur cheart an t-iarratas a dhéanamh i scríbhinn. Ní chuirfidh CNCM faisnéis phearsanta ar fáil trí na meáin shóisialta.

## Próiseas IDSP

### Céim 1: Faisnéis a iarraidh

Chun go mbeidh CNCM in ann freagra a thabhairt ar IDSP go tráthúil, ba cheart don duine is ábhar do na sonraí nó tuismitheoir/caomhnóir an pháiste na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Iarratas a chur isteach ach Foirm um Iarratas Duine ar a Shonraí Pearsanta a úsáid.
- Go leor faisnéise a chur ar fáil do CNCM chun a chéannacht a fhíorú (lena chinntiú gurb é an duine a iarrann an fhaisnéis an duine is ábhar do na sonraí nó duine aonair atá údaraithe ag an duine is ábhar do na sonraí).

Faoi réir na ndíolúintí dá dtagraítear sa bheartas seo, cuirfidh CNCM faisnéis ar fáil do dhaoine is ábhar do sonraí mar a ndéantar iarratais i scríbhinn agus mar a bhfaightear an t-iarratas ó dhuine ar féidir le CNCM a chéannacht a fhíorú.

Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach soláthródh CNCM sonraí mar a mbeadh na hacmhainní a theastódh chun na sonraí iarrtha a aithint agus a aisghabháil ró-dheacair nó fadálach. Mar shampla, dá ndéanfadh an duine is ábhar do na sonraí iarratas i dtaobh na sonraí ar fad a bhailigh an eagraíocht faoi riamh, d'fhéadfadh sé go dtógfadh sé an iomarca ama agus acmhainní chun an t-iarratas a chomhlíonadh. Sa chás sin, iarrfaidh CNCM ar an duine is ábhar do na sonraí faisnéis níos sonraí a iarraidh. Is dóichí go n-éireoidh le hiarratais má tá siad sonracha agus dírithe ar fhaisnéis áirithe. Áirítear leis na tosca a chabhraíonn le raon an chuardaigh a chúngú an tréimhse ama inar bailíodh an fhaisnéis a aithint agus a bheith sainiúil faoi chineál na sonraí a lorgaíodh (mar shampla, cóip d'fhoirm áirithe, píosaí físe, grianghraif, taifid ríomhphoist).

### Céim 2: Céannacht a fhíorú

Seiceálfaidh **Oifigeach Cosanta Sonraí CNCM** céannacht aon duine a dhéanann IDSP lena chinntiú nach dtugtar faisnéis ach don duine ábhartha. Éilíonn an Fhoirm IDSP ar an duine is ábhar do na sonraí dhá chineál doiciméid aitheantais a sholáthar, ceann amháin ar cáipéis fótagrafach aitheantais é agus an ceann eile chun an seoladh a dhearbhu. Murab é an t-iarratasóir an duine is ábhar do na sonraí, teastaíonn deimhniú i scríbhinn go bhfuil an t-iarratasóir údaraithe chun gníomhú thar ceann an duine is ábhar do na sonraí.



**Tabhair faoi deara:** Cé go mbaineann an ceart rochtana faoi Airteagal 15 de RGCS leis an gceart atá ag duine rochtain a fháil ar a shonraí pearsanta féin, bheadh sé réasúnach freisin iarratas rochtana a chuir tuismitheoir nó caomhnóir isteach thar ceann páiste a chomhlíonadh freisin. Sa chás sin, ba cheart go mbeadh **an tOifigeach Cosanta Sonraí** sásta go bhfuil an t-iarratasóir ag gníomhú thar ceann agus ar mhaithe le leas an pháiste a n-iarrtar a shonraí.

### **Céim 3: Faisnéis d'Iarratas Duine ar a Shonraí Pearsanta (IDSP)**

Mar a bhfuil **Oifigeach Cosanta Sonraí CNCM** réasúnta sásta leis an bhfaisnéis a chuireann an t-iarratasóir i láthair (.i. foirm um iarratas duine ar a shonraí pearsanta agus cáipéisí aitheantais más gá) tabharfaidh **an tOifigeach Cosanta Sonraí** fógra don iarratasóir go bhfreagrófar IDSP laistigh de 30 lá féilire. Tosaíonn an tréimhse 30 lá ón dáta a fhaightear na doiciméid riachtanacha go léir ón iarratasóir.

### **Céim 4: An fhaisnéis a athbhreithniú**

Baileoidh **Oifigeach Cosanta Sonraí CNCM** an fhaisnéis uile mar a iarrtar in IDSP agus cinnteoidh sé go n-athbhreithnítear an fhaisnéis, a oiread agus is indéanta, chun a chinntiú go bhfreagrófar an t-iarratas laistigh den tréimhse 30 lá féilire.

### **Céim 5: Freagra ar Iarratas Duine ar a Shonraí Pearsanta**

Cinnteoidh **Oifigeach Cosanta Sonraí CNCM** go seoltar freagra i scríbhinn ar ais chuig an iarratasóir. Is trí ríomhphost a dhéanfar é, mura sonraíonn an t-iarratasóir gur mian leis an freagra a fháil ar bhealach eile (mar shampla, sa phost). Ní sholáthróidh CNCM faisnéis ach ar bhealaí atá slán. Nuair a chuirfear cóipeanna crua faisnéise sa phost, séalófar iad agus seolfar mar phost cláraithe iad. Nuair a sheolfar cáipéisí ar ríomhphost, beidh siad cosanta le pasfhocal (criptithe) agus seolfar an pasfhocal chuig an iarratasóir ar bhealach eile.

### **Céim 6: Cartlannú**

Tar éis an freagra a sheoladh chuig an iarratasóir, measfar go bhfuil IDSP curtha i gcrích agus déanfaidh **Oifigeach Cosanta Sonraí CNCM** an t-iarratas a chartlannú.

## **Díolúintí**

Níl sé de cheart ag duine aonair rochtain a fháil ar fhaisnéis a thaifeadtar faoi dhuine eile, mura ionadaí údaraithe é nó mura bhfuil freagracht tuismitheoirí air. Ní cheanglaítear ar CNCM freagra a thabhairt ar iarratais ar fhaisnéis mura gcuirtear go leor sonraí ar fáil dó le go bhféadfar suíomh na faisnéise a shainaithint agus mura féidir é a shásamh maidir le céannacht an duine is ábhar do na sonraí a dhéanann an t-iarratas.

I bprionsabal, ní nochtfaidh CNCM na cineálacha faisnéise seo a leanas de ghnáth mar fhreagairt ar iarratas Duine ar Shonraí Pearsanta:

- Faisnéis faoi dhaoine eile – Féadfaidh IDSP faisnéis a bhaineann le duine eile nó le daoine eile seachas an duine is ábhar do na sonraí a chumhdach. Ní cheadófar rochtain ar shonraí den sórt sin, mura dtoilíonn na daoine eile lena mbaineann a sonraí a nochtadh. Ceilfear faisnéis a bhaineann le daoine agus, más gá agus nuair is gá, chun anaithnideacht a chinntiú.
- Athiarratais – Sa chás gur cuireadh isteach iarratas comhchosúil nó comhionann maidir le duine is ábhar do shonraí agus gur tugadh freagra air laistigh de thréimhse réasúnach ama, agus sa chás nach bhfuil aon athrú suntasach ar na sonraí pearsanta a choinnítear i ndáil leis an duine sin is ábhar do na sonraí, measfar gur athiarratas é aon iarratas eile a dhéantar laistigh de thréimhse sé mhí ón mbuniarrratas, agus ní sholáthróidh CNCM cóip eile de na sonraí céanna.
- Faisnéis atá ar fáil go poiblí – Ní cheanglaítear ar CNCM cóipeanna de dhoiciméid atá ar fáil don phobal cheana féin a sholáthar.
- Tuairimí a thugtar faoi rún nó faoi chosaint an dlí cóipchirt – Ní gá do CNCM sonraí pearsanta a choinnítear faoi dhuine is ábhar do shonraí a nochtadh má tugadh na sonraí i bhfoirm tuairime a tugadh faoi rún nó atá faoi chosaint ag an dlí cóipchirt.

## IDSP a dhiúltú

Tá cásanna ann nuair nach bhfuil sé de cheart ag daoine faisnéis a bhaineann leo a fheiceáil. Mar shampla:

- Mura gcoinnítear an fhaisnéis ach chun críche staitisticí nó taighde, agus mar nach gcuirtear torthaí na hoibre staidrimh nó an taighde ar fáil i bhfoirm a shainaithníonn aon duine de na daoine atá i gceist.
- Is féidir iarratais a dhéantar chun críocha eile, nach sonraí cosanta iad, a dhiúltú.

Má dhiúltaíonn **an tOifigeach Cosanta Sonraí** IDSP thar ceann CNCM, leagfar amach na cúiseanna leis an diúltú go soiléir i scríbhinn. Tá aon duine atá míshásta le toradh IDSP i dteideal iarratas a dhéanamh go ndéanfaí athbhreithniú ar an toradh.



## Aguisín D: Foirm um Iarratas Duine ar a Shonraí Pearsanta (IDSP)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

### Foirm um Iarratas Duine ar a Shonraí Pearsanta



Tá sé de cheart agat sonraí pearsanta a d'fhéadfadh a bheith againn fút a iarraidh. Tugtar Iarratas Duine ar a Shonraí Pearsanta (IDSP) air sin. Más mian leat IDSP a dhéanamh, comhlánaigh an fhoirm seo agus seol ar ais chugainn tríd an bpost nó ar ríomhphost í.

#### 1. Sonraí an duine atá ag iarraidh na faisnéise

Ainm

Dáta Breithe

LL

MM

BBBB

Seoladh Reatha

Sonraí Teagmhála

Uimhir Bhaile:

Uimhir Fóin Póca:

Ríomhphost:

#### 2. An tú an duine is ábhar do na sonraí?

**Is mé** Más fútsa an fhaisnéis, tabhair cóip d'aitheantas fótagrafach a d'eisigh an rialtas, mar shampla, Pas nó Ceadúnas Tiomána agus cruthúnas seolta, mar shampla, bille fóntais.

**Ní mé** Má tá tú ag gníomhú thar ceann an duine is ábhar do na sonraí lena údarás i scríbhinn; caithefear an t-údarás sin a sheoladh chugainn agus cuid 4 a chomhlánú.

Aitheantas a d'eisigh an Rialtas:

Cuir tic leis an doiciméad atá faoi iamh

Cruthúnas ar sheoladh:

Cuir tic leis an doiciméad atá faoi iamh

### 3. Cur síos ar na sonraí a iarrtar

Déan cur síos, le do thoil, ar an bhfaisnéis atá uait mar aon le faisnéis ar bith eile atá ábhartha. Cuideoidh sé sin linn an fhaisnéis a theastaíonn uait a aithint.

#### 3.1 Iarratas Duine ar a Shonraí maidir le híomhánna físe nó fótagrafacha

Má tá iarratas ar do Shonraí Pearsanta á dhéanamh agat maidir le híomhánna físe nó fótagrafacha a choinnímid, úsáidfimid an íomhá ar do dhoiciméad fótagrafach aitheantais ón Rialtas chun cabhrú linn.

#### 3.2 Iarratas óthuismitheoir/chaomhnóir thar ceann a pháiste maidir le híomhánna físe nó fótagrafacha

Má dhéanann tú iarratas ar sonraí maidir le íomhánna físe nó fótagrafacha mar thuismitheoir/chaomhnóir thar ceann do pháiste, ceanglófar ort grianghraf a thabhairt dúinn chun an duine is ábhar do na sonraí/an páiste a shainiú. Má tá iarratas á sheoladh agat sa phost, priontáil íomhá shoiléir inaitheanta agus cuir faoi iamh le d'iarratas í. Má tá d'iarratas á sheoladh agat ar ríomhphost, ceangail an íomhá le d'iarratas ríomhphoist. Ná seol bunchóipeanna de ghrianghraif; seol cóipeanna chugainn le do thoil. Scríosfaidh CNCM aon íomhánna tar éis iarratas an duine ar sonraí a chur i gcrích.

Tá grianghraf faoi iamh

Cuir tic isteach

### 4. Cé chuige a gcuirfidh CNCM an fhaisnéis IDSP?

Tá an rogha ag an iarratasóir IDSP cinneadh a dhéanamh maidir le cé chuige ar cheart an t-ábhar iarrtha a sheoladh.

Seol an fhaisnéis a iarrtar chuig:

An duine is ábhar do na sonraí

Cuir tic isteach

Ionadaí an duine is ábhar do na sonraí

Cuir tic isteach

Cead chun an fhaisnéis a thabhairt d'ionadaí údaraithe.

Tugaim mo chead do \_\_\_\_\_ (tabhair ainm an ionadaí údaraithe) rochtain a fháil ar mo sonraí pearsanta.

Síniú an duine is ábhar do na sonraí:

Ainm priontáilte:

Dáta:

Deimhniú ó ionadaí údaraithe an duine is ábhar do na sonraí.

Le comhlánú ag ionadaí údaraithe an duine is ábhar do na sonraí.

Deimhním gur mé ionadaí údaraithe an duine is ábhar do na sonraí.

Ainm:

Seoladh:

Síniú:

Dáta:

Seol chugam faisnéis faoin duine is ábhar do na sonraí trí:

Post cláraithe

Cuir tic  
isteach

Ríomhphost

Cuir tic  
isteach

**Iarratas ar fhaisnéis a chur sa phost**

**Ríomhphost**

Má sheoltar faisnéis sa phost, úsáid an seoladh seo a leanas:

**An tOifigeach Cosanta Sonraí  
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus  
Measúnachta  
35 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2.  
DO2 KH36**

Má sheoltar faisnéis i ríomhphost, úsáid an seoladh seo a leanas:

**dpo@ncca.ie**

Scríobh **“Iarratas Duine ar a Shonraí”** i réimse ábhair an ríomhphoist.

**An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta – Iarratas Duine ar a Shonraí Pearsanta**

Déanfaimid ár ndícheall d’iarratas ar shonraí pearsanta a phróiseáil chomh tapa agus is féidir laistigh de 30 lá féilire. Má bhíonn ceist ar bith agat agus d’iarratas á phróiseáil, ná bíodh drogall ort dul i dteagmháil linn ag an seoladh ríomhphoist **dpo@ncca.ie**

## Aguisín E: Sampla de Chomhaontú Comhroinnte Sonraí idir

### An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus [Ainm na heagraíochta]

#### Cuspóir

[Forbhreathnú gairid ar na sonraí pearsanta atá á roinnt agus cuspóir na comhroinnte.]

#### Téarma an Chomhaontaithe

1. Clúdaítear leis an gComhaontú Comhroinnte Sonraí seo sonraí pearsanta a aistriú mar chuid de XXXXX ó CNCM chuig [ainm na heagraíochta] chun críche XXXXXXX.
2. Faoin gComhaontú seo, is é CNCM an rialaitheoir sonraí, agus is próiseálaithe sonraí iad CNCM agus [ainm na heagraíochta] do na sonraí atá i gceist.
3. Aistrefar na sonraí chuig [ainm na heagraíochta] ar shlí shlán shábháilte a bheidh comhaontaithe ag CNCM.
4. Ainmnítear na daoine seo a leanas mar 'Phointí Teagmhála':
  - a. **Teagmhálaí CNCM:** ainm, [XXXXXXX@ncca.ie](mailto:XXXXXXX@ncca.ie) / 087 XXX XXXX
  - b. **Teagmhálaí XXXX:** ainm, [ríomhphost](mailto:ríomhphost) / XXX XXX XXXX
5. Nuair a fhaightear nó nuair a osclaítear iad, ba cheart na comhaid físe a spotseiceáil lena chinntiú go gcomhlíonann na sonraí na formáidí réamhshainithe. Má tá fadhbanna leis na comhaid a chiallaíonn nach féidir iad a lódáil ná a réiteach, rachaidh na páirtithe i gcomhairle lena chéile chun aon fhadhbanna a réiteach.
6. Níor cheart na sonraí a athrú gan teagmháil a dhéanamh le CNCM (an rialaitheoir sonraí).
7. Ní úsáidfidh [ainm na heagraíochta] na sonraí ach chun na gcríoch a luaitear thuas.
8. Ní fhéadfar an t-ábhar a aistriú lasmuigh de [ainm na heagraíochta] agus/nó a uaslódáil chuig aon suíomh gréasáin ná ardán meán sóisialta seachas na cinn a shonraítear thuas.
9. Soláthróidh [ainm na heagraíochta] cosaintí iomchuí riaracháin, teicniúla agus fisiciúla chun rúndacht agus slándáil na sonraí a chinntiú agus chun úsáid nó rochtain neamhúdraithe orthu a chosc. Mar shampla, caithfear na comhaid físe a stóráil ar ghléas atá cosanta ag pasfhocal.

Féadfaidh CNCM an comhaontú a fhoirceannadh mura ndéantar na bearta riachtanacha chun ábhar a chosaint.

10. Má thuigtear do [ainm na heagraíochta] gur goideadh, gur cailleadh nó gur cuireadh i mbaol aon ghléas a úsáidtear chun na comhaid físe a iompar, a rochtain nó a stóráil, nó gur goideadh, gur cailleadh nó gur cuireadh aon chuid de na sonraí i mbaol, caithfidh siad an eachtra a thuairisciú láithreach do gach páirtí inmheánach ábhartha agus do pháirtí ábhartha CNCM mar atá ainmnithe thuas.
11. Glacfaidh [ainm na heagraíochta] aon bhearta réasúnacha eile chun úsáid nó nochtadh na sonraí a chosc seachas mar a cheadaítear faoin gComhaontú seo.
12. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm ar an dáta a shíneofar é agus leanfaidh sé i bhfeidhm chomh fada agus a roinnfear na comhaid físe idir na páirtithe, mura gcomhaontóidh na páirtithe i scríbhinn an Comhaontú seo a fhoirceannadh nó má ghlacann na páirtithe comhaontú nua in áit an Chomhaontaithe seo. Féadfaidh ceachtar de na páirtithe an Comhaontú a fhoirceannadh tráth ar bith ar chúis ar bith ar fhógra 30 lá i scríbhinn. Ar dhul in éag nó ar fhoirceannadh an chomhaontaithe seo, nó ar iarratas CNCM, scriosfaidh [ainm na heagraíochta] gach cóip a rinneadh de na sonraí a chuir CNCM ar fáil agus cuirfidh sí CNCM ar an eolas nuair a bheidh an gníomh sin curtha i gcrích.
13. Beidh an Comhaontú seo faoi rialú dhlíthe na hÉireann agus forléireofar de réir dhlíthe na hÉireann é agus beidh sé faoi réir dhlínse eisiatlach chúirteanna na hÉireann.
14. Thar ceann an dá pháirtí, dearbhaíonn na daoine aonair thíos-sínithe leis seo go bhfuil sé nó sí údaraithe chun an Comhaontú seo a dhéanamh agus aontaíonn sé nó sí leis na téarmaí go léir a shonraítear anseo.

---

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus  
Agus Measúnachta  
**Páirtí a Aistríonn Sonraí**

---

[Ainm na heagraíochta]

**Páirtí a Fhaigheann Sonraí**

---

Dáta

---

Dáta



## Aguisín F: Fógra príobháideachta ar shuíomh gréasáin na Comhairle

### Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta – [www.ncca.ie](http://www.ncca.ie)

Baineann an ráiteas seo le cleachtais príobháideachais i dtaca leis an suíomh gréasáin seo. Níl CNCM freagrach as ábhar nó cleachtais príobháideachais suíomhanna gréasáin eile. Is féidir aon nasc seachtrach chuig suíomhanna gréasáin eile a aithint go soiléir. Mínítear roinnt téarmaí teicniúla a úsáidtear sa ráiteas seo ag deireadh an leathnaigh.

#### **Ráiteas Ginearálta**

Tá meas iomlán ag CNCM ar do cheart chun príobháideachais, agus ní bhaileoidh sí aon eolas pearsanta fút ar an suíomh gréasáin seo gan do chead soiléir. Caithfear le haon eolas pearsanta a sholáthraíonn tú do CNCM leis na caighdeáin is airde de shlándáil agus rúndacht, go beacht de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí.

Má theastaíonn tuilleadh faisnéise maidir le cosaint sonraí agus [www.ncca.ie](http://www.ncca.ie) uait, is féidir dul i dteagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí CNCM ag [dpo@ncca.ie](mailto:dpo@ncca.ie)

#### **Bailiú agus úsáid eolais phearsanta**

Ní bhailíonn CNCM aon eolas pearsanta fút ar an suíomh gréasáin seo, seachas eolas a sholáthraíonn tú de do thoil féin (mar shampla trí r-phost a chur chugainn nó trí shuirbhé nó foirm aiseolais ar líne). San áit go soláthraíonn tú eolas pearsanta de do thoil féin mar fhreagra ar cheistneoir nó suirbhé, úsáidfeá na sonraí ar chúiseanna taighde nó anailíse amháin. Ní chuirtear aon eolas a sholáthraíonn tú sa tslí seo ar fáil d'aon tríd páirtí, agus is don chúis ar thug tú é amháin a úsáideann CNCM é.

#### **Bailiú agus úsáid faisnéise teicniúil**

Ní úsáideann an suíomh gréasáin seo fianáin, seachas fianáin 'seisiúin' sealadacha a chuireann ar chumas brabhsálaí idirlín cuairteora cuimhneamh ar cén leathnaigh ar an suíomh seo ar a tugadh cuairt orthu cheana. Is féidir le cuairteoirí an suíomh gréasáin seo a úsáid gan aon fheidhmiúlacht a chailliúint má tá fianáin díchumasaithe ón mbrabhsálaí idirlín.

Déanann ár soláthróir idirlín taifead de shonraí teicniúla i dtaca le cuairteanna ar an suíomh gréasáin seo d'ár gcúiseanna staitistiúil. Ní bhailítear aon fhaisnéis a bhfaighimis a úsáid chun cuairteoirí an

tsuímh gréasáin a aithint. Cuirtear teorainn ar na sonraí teicniúla a bhailítear ionas gur na nithe seo a leanas amháin a bhailítear:

- seoladh IP freastalaí gréasáin an chuariteora
- ainm an fhearainn barr leibhéil a úsáideadh (mar shampla .ie, .com, .org, .ne)
- an suíomh gréasáin deireanach ónar tháinig an cuairteoir orainn, le haon téarmaí cuardaigh a úsáideadh san áireamh
- sonraí chonaire chliceála a thaispeánann trácht na gcuairteoirí timpeall an tsuímh gréasáin seo (mar shampla leathnaigh a thángthas orthu agus doiciméid a íoslódáladh)
- an saghas brabhsálaí idirlín a d'úsáid cuairteoir an tsuímh gréasáin.

Ní dhéanfaidh CNCM aon iarracht cuairteoirí aonair a aithint, nó aon sonraí teicniúla atá liostaithe thuas a cheangail le haon duine aonair. Is é polasaí CNCM gan aon eolas teicniúil dá leithéid i leith aon chuariteoirí aonair de chuid a tsuímh gréasáin a nochtadh le haon tríú páirtí riamh (seachas ár soláthróir seirbhíse idirlín, a dhéanann taifead de shonraí dá leithéid ar ár son agus atá faoi cheangail ag forálacha rúndachta san aird seo), murach go bhfuil iallach ann eolas dá leithéid a nochtadh de réir riail an dlí. Is í CNCM amháin a úsáidfidh na sonraí teicniúla, agus is d'fheidhmeanna staitistiúla agus d'fheidhmeanna riaracháin eile amháin a úsáidfear iad. Ba cheart a thabhairt le fios nach gcuimsíonn sonraí teicniúla, nach féidir linn a chomhcheangail le haon duine so-aitheanta, 'sonraí pearsanta' d'fheidhm na nAchtanna um Cosaint Sonraí.

## **Gluais de théarmaí teicniúla a úsáideadh**

### *brabhsálaí idirlín*

An píosa bogearra a úsáideann tú chun leathnaigh idirlín a léamh. Samplaí iad Microsoft Internet Explorer, Netscape Navigator agus Opera.

### *Seoladh IP*

Na sonraí aitheanta do do ríomhaire (nó ríomhaire do chomhlacht idirlín), curtha in iúil i gcód 'Prótacal Idirlín' (mar shampla 192.168.72.34). Tá seoladh IP ar leith ag gach ríomhaire atá ceangailte leis an idirlíon, gheobhadh nach mbeadh an seoladh mar an gcéanna gach uair a déantar ceangal.

### *fianáin*

Píosaí beaga faisnéise, stóráilte i gcomhad téacs shimplí, curtha ar do ríomhaire ag suíomh gréasáin. Is féidir leis an suíomh gréasáin na fianáin a léamh agus tú ar cuairt air ina dhiaidh. Gheobhadh go

mbeadh faisnéis coimeádta san fhianáin i leith do nósanna brabhsála ar an suíomh idirlín, nó uimhir aitheantais ar leith ionas gur féidir leis an suíomh gréasáin “cuimhneamh” ort nuair a fhilleann tú ar an suíomh. Go ginearálta, ní choimeádann fianáin faisnéis phearsanta ónar féidir tú a aithint, murach gur sholáthraigh tú faisnéis dá leithéid don suíomh gréasáin.

## Aguisín G: Doiciméid Toilithe

Uimhir aitheanta an tionscadail:



### Foirm toilithe do rannpháirtíocht páiste (TEIMPLÉAD)

A Thuismitheoir/Chaomhnóir,

Cuireann an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) comhairle ar an Aire Oideachais agus Scileanna faoi churaclam agus faoi mheasúnú don oideachas luathóige, bunscoile agus iar-bhunscoile. Faoi láthair... (1).

- 

**Cén t-ábhar a bhaileofar agus cén chaoi a n-úsáidfear é? (2).**

Tá \_\_\_\_\_ (ainm an tsuímh/na scoile) páirteach i ....

- D'fhéadfadh sé go n-úsáidfí aiseolas do pháiste chun .....
- D'fhéadfadh sé go n-úsáidfí grianghraf do pháiste .....

Is féidir le do pháiste éirí as an tionscadal am ar bith. Ní úsáidfear ainm do pháiste san ábhar a fhoilseofar.

**Cé na cearta atá agat i dtaca le sonraí pearsanta? (3).**

Tá na cearta seo a leanas agatsa agus ag do pháiste, i gcúinsí áirithe agus faoi réir díolúintí infheidhmithe, maidir leis na sonraí pearsanta a choinnímid:

- an ceart chun teacht ar shonraí pearsanta agus eolas faoi bpróiseáil a dhéanaimid ar na sonraí sin
- an ceart chun ceangal orainn aon mhíchruinneas sna sonraí pearsanta a cheartú
- an ceart chun ceangal orainn na sonraí pearsanta a scríosadh
- an ceart chun iarraidh nach bpróiseálfaimid na sonraí pearsanta chun críocha áirithe
- an ceart chun cur i gcoinne an úsáid a bhainimid as na sonraí pearsanta nó i gcoinne an chaoi a bpróiseálaimid iad

Tabhair faoi deara go bhfuil bearta i bhfeidhm againn chun d'aitheantas a dheimhniú sula dtugtar cead chun sonraí pearsanta a fháil, chun cabhrú le do phríobháideacht féin agus príobháideacht do pháiste a chosaint.

Coinneoidh CNCM na grianghraif/fiseáin/ábhar scríofa ar feadh sé bliana, agus scríosfar ansin é. Féadfaidh tú a iarraidh, am ar bith, go mbainfimis aon íomhá/fiseán ina bhfuil do pháiste ach teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí CNCM ag [dpo@ncca.ie](mailto:dpo@ncca.ie) nó glaoch ar 01 661 7177 nó scríobh chuig: An tOifigeach Cosanta Sonraí, CNCM, 35 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2, D02 KH36.

Is cuspóir agus tosaíocht lárnach de chuid CNCM é Cosaint agus Cumhdach Leanaí. Tá CNCM meáite ar na caighdeáin is airde is féidir de chosaint leanaí a choimeád, i gcomhréir leis an reachtaíocht iomchuí agus leis an dea-chleachtas. Tá Ráiteas Cumhdaithe Leanaí CNCM ar fáil lena léamh [anseo](#).

Déan teagmháil le \_\_\_\_\_, CNCM, ag [\\_\\_\\_\\_\\_@ncca.ie](mailto:_____@ncca.ie) nó 01 661 7177 más mian leat tuilleadh faisnéise a fháil faoin tionscadal. (4).

Táimid an-bhuíoch díot as an litir seo a léamh.

Le dea-mhéin,

\_\_\_\_\_  
Ainm an Oifigigh Oideachais, Oifigeach Oideachais, CNCM

## Foirm toilithe do rannpháirtíocht páiste: Cóip don

### Tuismitheoir/Caomhnóir

Coinnigh an fhoirm seo le haghaidh do thaifead féin agus seol an ceann thíos ar ais chuig

\_\_\_\_\_ (ainm an chleachtóra/an mhúinteora).

Tugaim cead do CNCM ..... ó _____ (ainm an pháiste/an scoláire). (1).	<input type="checkbox"/> Tugaim an cead sin. <input type="checkbox"/> Ní thugaim an cead sin.
Tugaim cead do CNCM le haghaidh .....(2).	<input type="checkbox"/> Tugaim an cead sin. <input type="checkbox"/> Ní thugaim an cead sin.

Síniú: \_\_\_\_\_ (Tuismitheoir/Caomhnóir)

Dáta:

Seoladh baile:

Ainm agus seoladh an tsuímh/na scoile:

(Cabhraíonn na seoltaí linn d'aitheantas a dheimhniú má iarrann tú orainn na sonraí pearsanta atá againn fút a roinnt leat.)

Toilíonn _____ (ainm an pháiste/an scoláire) páirt a ghlacadh in obair CNCM.	<input type="checkbox"/> Toilíonn <input type="checkbox"/> Ní thoilíonn
--	--

Nuair is féidir, féadfaidh an páiste/an scoláire síniú thíos má thoilíonn sé páirt a ghlacadh in obair CNCM.

Síniú an pháiste/an scoláire:

**Míle buíochas as ligean do do pháiste a bheith rannpháirteach san obair thábhachtach seo.**

Uimhir aitheanta an tionscadail:



## Foirm toilithe do rannpháirtíocht páiste: Cóip CNCM

Coinneoidh CNCM an chóip seo dá taifid féin.

Tugaim cead do CNCM ..... ó _____ (ainm an pháiste/an scoláire).	<input type="checkbox"/> Tugaim an cead sin. <input type="checkbox"/> Ní thugaim an cead sin.
Tugaim cead do CNCM le haghaidh .....	<input type="checkbox"/> Tugaim an cead sin. <input type="checkbox"/> Ní thugaim an cead sin.

Síniú: \_\_\_\_\_ (Tuismitheoir/Caomhnóir)

Dáta:

Seoladh baile:

Ainm agus seoladh an tsuímh/na scoile:

(Cabhraíonn na seoltaí linn d'aitheantas a dheimhniú má iarrann tú orainn na sonraí pearsanta atá againn fút a roinnt leat.)

Toilíonn _____ (ainm an pháiste/an scoláire) páirt a ghlacadh in obair CNCM.	<input type="checkbox"/> Toilíonn <input type="checkbox"/> Ní toilíonn
<p>Nuair is féidir, féadfaidh an páiste/an scoláire síniú thíos má thoilíonn sé páirt a ghlacadh in obair CNCM.</p> <p>Síniú an pháiste/an scoláire:</p> <hr/>	

**Míle buíochas as ligean do do pháiste a bheith rannpháirteach san obair thábhachtach seo.**



## Treoirínte maidir leis an bhFoirm Toilithe a úsáid

### Leathanaigh a hAon agus a Dó: Litir mhínithe

Is éard atá sa chéad dá leathanach den fhoirm toilithe litir mhínithe ba cheart a chur isteach le gach tionscadal a n-iarrtar toiliú ina leith. Tá cuid mhór de théacs na litreach cineálach agus féadtar é a úsáid ar fud tionscadal. Mar sin féin, sa chás gur gá téacs a bhaineann go sonrach le tionscadail a chur isteach, tugtar na treoracha uimhrithe thíos maidir le teimpléad a chur in oiriúint do na sainriachtanais. Tagraíonn na treoracha uimhrithe go díreach do na huimhreacha laistigh den teimpléad.

1. Tugann an tOifigeach Oideachais cur síos soiléir, gairid ar an tionscadal sonrach agus cur síos beacht ar an toiliú atá á lorg.
2. Tagraíonn an chuid seo den fhoirm toilithe don tionscadal sonrach atá ar bun agus an chaoi a n-úsáidfidh CNCM sonraí.

Tá sé tábhachtach go gcuirtear na rannpháirtithe ar an eolas faoi cén fhaisnéis go díreach a bhaileofar agus faoin gcaoi a n-úsáidfear í. Ní mór gach úsáid a bhainfear as sonraí sa todhchaí a dhoiciméadú go sainráite sa litir. Má tá sé ar intinn ag CNCM na sonraí a úsáid chun níos mó ná cuspóir amháin caithfear sin a dhéanamh soiléir. Moltar pointí le hurchair a úsáid sa chás seo ar mhaithe le soiléire.

3. Tugtar forbhreathnú sa chuid seo ar chearta na rannpháirtithe agus a dtuismitheoirí agus baineann sí le gach tionscadal a n-iarrfaidh CNCM toiliú ina leith.
4. Ní mór sonraí teagmhála an Oifigigh Oideachais atá i gceannas ar an tionscadal sonracha a chur isteach sa chuid seo.

### **Leathanach a Trí: Foirm toilithe do rannpháirtíocht páiste: Cóip don Tuismitheoir/Chaomhnóir**

Cuirtear teimpléad ar fáil ar leathanach a trí d'fhoirm toilithe do thuismitheoirí/chaomhnóirí. Coinneoidh tuismitheoirí/caomhnóirí taifead den fhoirm toilithe sin. Amhail an litir, tá cuid mhór de théacs na foirme cineálach agus féadtar é a úsáid ar fud tionscadal. Mar sin féin, sa chás gur gá téacs a bhaineann go sonracha le tionscadail a chur isteach, tugtar na treoracha uimhrithe thíos maidir le teimpléad a chur in oiriúint do na sainriachtanais.

1. Sa bhosca seo, tugann CNCM breac-chuntas ar na sonraí atá beartaithe aici a bhailiú agus iarrann sí toiliú chun na sonraí sin a bhailiú, m.sh. grianghraif, aiseolas scríofa, físeáin srl.... Má tá sé i gceist ag CNCM sonraí a bhailiú i níos mó ná formáid amháin caithfear bosca nua a chruthú do gach formáid ar leith.
2. Sa bhosca seo tugann CNCM breac-chuntas ar an gcaoi a n-úsáidfídh sí na sonraí agus iarrann sí toiliú chun na sonraí sin a úsáid, m.sh. ar na suíomhanna gréasáin, in ábhar tacaíochta ar an suíomh gréasáin, i gcur i láthair srl.... Arís, má tá sé ar intinn ag CNCM sonraí a úsáid i níos mó ná formáid amháin, caithfear níos mó boscaí a chur isteach chun toiliú a fháil i leith gach formáide.

### **Leathanach a Ceathair: Foirm toilithe do rannpháirtíocht páiste: Cóip CNCM**

Cuirtear teimpléad ar fáil ar leathanach a ceathair d'fhoirm toilithe do thaifid CNCM. Is ionann an fhoirm agus an fhoirm a choimeádfaidh tuismitheoirí/caomhnóirí agus, dá bhrí sin, caithfear an fhoirm a chur in oiriúint go díreach ar an mbealach céanna.

**Féach an fhoirm toilithe shamplach thíos le haghaidh tuilleadh treorach.**



## Aguisín H: Litir shamplach a úsáidtear chun faisnéis a thabhairt

### maidir le cosaint sonraí

Uimhir aitheanta an tionscadail:



## Sampla de litir mhínithe a ghabhann le foirm toilithe do rannpháirtíocht pháiste

A Thuismitheoir/Chaomhnóir,

Cuireann an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) comhairle ar an Aire Oideachais agus Scileanna faoi churaclam agus faoi mheasúnú don oideachas luathóige, bunscoile agus iar-bhunscoile. Faoi láthair, tá CNCM ag forbairt Churaclam Teanga na Bunscoile le haghaidh Rang a 3 go Rang a 6 i mbunscoileanna. Mar chuid den obair sin, táimid ag bailiú aiseolais ar an dréachtchuraclam. Is mian linn na sonraí seo a leanas a bhailiú:

- aiseolas páistí ar fhoghlaim teanga (Béarla agus Gaeilge) a bhailiú.
- grianghraif de cheachtanna teanga i seomraí ranga a bhailiú.

### **Cén t-ábhar a bhaileofar agus cén chaoi a n-úsáidfear é?**

Tá \_\_\_\_\_ (ainm an tsúimh/na scoile) páirteach san obair ar an gcuraclam teanga. Beimid ag tabhairt cuairt ar an suíomh/scoil ar an 6 Meitheamh 2018. Le linn na cuairte beimid ag caint le páistí agus ag bailiú aiseolais i scríbhinn ar a dtaithe ar fhoghlaim teanga ar scoil. Glacfaimid grianghraif freisin.

Ba mhór ag CNCM dá bhféadfadh do pháiste páirt a ghlacadh sa tionscadal seo.

- D'fhéadfadh sé go n-úsáidfí aiseolas do pháiste sa tuarascáil ar an dréachtchuraclam. Foilseofar an tuarascáil sin ar shuíomh gréasáin CNCM ag [www.ncca.ie](http://www.ncca.ie).
- D'fhéadfadh sé go n-úsáidfí grianghraif do pháiste sa tuarascáil.
- D'fhéadfadh sé go n-úsáidfí aiseolas agus/nó grianghraif do pháiste i gcuir i láthair CNCM ar an tuarascáil.

Is féidir le do pháiste éirí as an tionscadal am ar bith. Ní úsáidfear ainm do pháiste san ábhar a fhoilseofar.

### **Cé na cearta atá agat i dtaca le sonraí pearsanta?**

Tá na cearta seo a leanas agatsa agus ag do pháiste, i gcúinsí áirithe agus faoi réir díolúintí infheidhmithe, maidir leis na sonraí pearsanta a choinnímid:

- an ceart chun teacht ar shonraí pearsanta agus eolas faoi bpróiseáil a dhéanaimid ar na sonraí sin
- an ceart chun ceangal orainn aon mhíchruinneas sna sonraí pearsanta a cheartú

- an ceart chun ceangal orainn na sonraí pearsanta a scriosadh
- an ceart chun iarraidh nach bpróiseálfaimid na sonraí pearsanta chun críocha áirithe
- an ceart chun cur i gcoinne an úsáid a bhainimid as na sonraí pearsanta nó i gcoinne an chaoi a bpróiseálaimid iad

Tabhair faoi deara go bhfuil bearta i bhfeidhm againn chun d'aitheantas a dheimhniú sula dtugtar cead chun sonraí pearsanta a fháil, chun cabhrú le do phríobháideacht féin agus príobháideacht do pháiste a chosaint.

Coinneoidh CNCM na grianghraif/físeáin/ábhar scríofa ar feadh sé bliana, agus scriosfar ansin é. Féadfaidh tú a iarraidh, am ar bith, go mbainfimis aon íomhá/físeán ina bhfuil do pháiste ach teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí CNCM ag [dpo@ncca.ie](mailto:dpo@ncca.ie) nó glaoch ar 01 661 7177 nó scríobh chuig: An tOifigeach Cosanta Sonraí, CNCM, 35 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2, D02 KH36.

Is cuspóir agus tosaíocht lárnach de chuid CNCM é Cosaint agus Cumhdach Leanaí. Tá CNCM meáite ar na caighdeáin is airde is féidir de chosaint leanaí a choimeád, i gcomhréir leis an reachtaíocht iomchuí agus leis an dea-chleachtas. Tá Ráiteas Cumhdaithe Leanaí CNCM ar fáil lena léamh [anseo](#).

Déan teagmháil le XXX XXX, CNCM, ag [XXX.XXX@ncca.ie](mailto:XXX.XXX@ncca.ie) nó 01 661 7177 más mian leat tuilleadh faisnéise a fháil faoin tionscadal.

Táimid an-bhuíoch díot as an litir seo a léamh.

Le dea-mhéin,

---

xx

Oifigeach Oideachais CNCM

# Aguisín I: Beartas CNCM um Shárúithe ar Shonraí

## Réamhrá

Is gníomhaireacht reachtúil faoi choimirce na Roinne Oideachais agus Scileanna í an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Cuireann an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) comhairle ar an Aire faoi churaclam agus faoi mheasúnú don oideachas luathóige, bunscoile agus iar-bhunscoile. Déanann CNCM a dícheall chun ceanglais an Bhille um Chosaint Sonraí, 2018, an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus na Treorach um Fhorfheidhmiú an Dlí 2016/680 a chomhlíonadh ina leagtar amach caighdeáin níos airde maidir le cearta príobháideachta daoine is ábhar do na sonraí a chosaint agus sonraí pearsanta a phróiseáil.

Ón 25 Bealtaine 2018, ceanglaíonn RGCS ar eagraíochtaí sárúithe ar shonraí pearsanta a thuairisciú don údarás ábhartha maoirseachta, sa chás go bhfuil riosca ann do na daoine aonair lena mbaineann i gceist le sárú. Ní mór d’eagraíochtaí sin a dhéanamh laistigh de 72 uair an chloig ón am a thuig siad go raibh sárú ann. Sa chás gur dóigh go mbeidh riosca ard ann do na daoine aonair lena mbaineann, caithfidh eagraíochtaí na daoine sin a chur ar an eolas gan aon mhoill mhíchuí.

Glacann CNCM cur chuige riosca-bhunaithe i leith cosaint sonraí agus féachann sí go gníomhach le rioscaí a bhaineann lena próiseáil sonraí pearsanta a shainiú d’fhonn gníomhartha iomchuí a dhéanamh chun na rioscaí sin a mhaolú. Mar sin féin, d’fhéadfadh sé go dtarlódh sárúithe ar shonraí in ainneoin na mbeart teicniúil nó fisiciúil. D’fhéadfadh sé go dtarlódh sárú mar thoradh ar earráid dhaonna freisin. Tugann an doiciméad beartais seo breac-chuntas ar fhreagrachtaí CNCM i gcás sárúithe ar shonraí lena n-áirítear an oibleagáid fógra a thabhairt don Choimisinéir Cosanta Sonraí agus do dhaoine aonair ábhartha eile mar a éilítear faoi RGCS. Leagtar amach sa bheartas freisin an próiseas trína bhfreagraíonn an eagraíocht do shárúithe (agus do shárúithe a bhí ar tí tarlú) agus lena maolaítear sárúithe laistigh den eagraíocht sa todhcháí.

## Nós imeachta um fhreagairt do shárú ar shonraí

Ba cheart gach sárú ar shonraí laistigh de CNCM agus gach sárú ar shonraí a dhéanann CNCM a thuairisciú d’Oifigeach Cosanta Sonraí na heagraíochta ar [dpo@ncca.ie](mailto:dpo@ncca.ie) nó 087 635 3658 a luaithe agus is féidir. A luaithe a thuairiscítear sárú ar shonraí pearsanta nó má bhraitheann an tOifigeach Cosanta Sonraí é, tionscnaítear an Nós Imeachta um Fhreagairt do Shárú ar Shonraí seo a leanas.

<b>Céim 1</b>	Sainnithnítear agus deimhnítear gur tharla sárú. Tá an tOifigeach Cosanta Sonraí i gcomhar, nuair is féidir, leis an bhFoireann Cosanta Sonraí freagrach as a chinneadh cibé ba cheart an sárú a mheas mar shárú a dhéanann difear do shonraí pearsanta nó nár cheart.
<b>Céim 2</b>	Déantar beart láithreach chun an sárú a stopadh má tá sé ar siúl nó chun na sonraí lena mbaineann a laghdú.
<b>Céim 3</b>	Cinntítear go ndéantar iniúchadh ceart neamhchlaonta a thionscnamh, a dhéanamh, a dhoiciméadú agus a thabhairt i gcrích. Úsáidtear an Clár um Sháruithe ar Shonraí chun an fhaisnéis sin a thairneadh. Tá an tOifigeach Cosanta Sonraí freagrach as gach cinneadh agus gníomh i ndáil leis an sárú a dhoiciméadú. Féadfaidh Oifig Choimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann athbhreithniú a dhéanamh air sin agus dá bhrí sin scríobhfar é chomh beacht agus chomh críochnúil agus is féidir chun inrianaitheacht agus cuntasacht a chinntiú.
<b>Céim 4</b>	Aithnítear riachtanais feabhsúcháin agus doiciméadaítear an feabhsúchán.
<b>Céim 5</b>	Cuirtear an sárú in iúl d'oifig Choimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann más gá. Ní gá gach sárú ar sonraí pearsanta a chur in iúl don Oifig. Ní thionscnaítear na hoibleagáidí fógra faoi RGCS ach amháin nuair a dhéantar sárú ar sonraí pearsanta agus gur dóigh go mbeidh riosca ann do chearta agus do shaoirsí daoine aonair. Bunóidh an tOifigeach Cosanta Sonraí, i gcomhar leis an bhFoireann Cosanta Sonraí, cibé ba cheart an sárú ar sonraí pearsanta a thuairisciú d'Oifig Choimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann nó nár cheart.
<b>Céim 6</b>	Comhordaítear cumarsáid inmheánach agus sheachtrach. Déanfaidh an tOifigeach Cosanta Sonraí an riosca a bhaineann leis an sárú ar sonraí pearsanta a mheas agus cinnfidh sé cibé is gá an sárú a thuairisciú nó nach gá.

## Próiseas um shárú a chur in iúl

Chun cinnteoireacht a éascú agus chun a chinneadh cibé a chaithfidh an eagraíocht an sárú a chur in iúl don Choimisinéir Cosanta Sonraí agus do dhaoine aonair lena mbaineann nó nach gcaithfidh, úsáideann CNCM próiseas bainistithe cáilíochta riosca agus próisis bhraite, iniúchta agus tuairiscithe. Agus cinneadh á dhéanamh faoina thromchúisí atá an sárú do dhaoine aonair lena mbaineann, breathnaítear ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an sárú ar dhaoine aonair ar nochtadh a sonraí. Déantar na gnéithe seo a leanas a mheas agus an tionchar féideartha seo á mheas:

- cineál, íogaireacht agus líon na sonraí pearsanta atá i gceist

- an rud is cúis leis an sárú
- an cineál sonraí a nochtadh
- a éasca a bheadh sé daoine aonair a aithint ó na sonraí
- a dhéine atá na hiarmhairtí do dhaoine aonair
- tréithe speisialta an duine/na ndaoine aonair – m.sh. d'fhéadfadh sárú a bhaineann le daoine leochaileacha iad a chur i mbaol mór díobhála
- líon na ndaoine atá i gceist
- tosca maolaitheacha atá i bhfeidhm agus cibé a nochtadh sonraí pearsanta daoine leochaileacha nó nár nochtadh.

Mar a fhorálann Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí, úsáideann CNCM an treoir seo a leanas chun leibhéal riosca a shainiú.

<b>Riosca íseal</b>	Ní dócha go mbeidh tionchar ag an sárú ar dhaoine aonair, nó is dócha nach mbeidh ach tionchar fíorbheag ann.
<b>Riosca meánach</b>	D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar ag an sárú ar dhaoine aonair, nó is dócha nach mbeidh tionchar suntasach ann.
<b>Riosca ard</b>	D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar mór ag an sárú ar dhaoine aonair lena mbaineann.
<b>Riosca trom</b>	D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar criticiúil ag an sárú ar dhaoine aonair lena mbaineann.

### Fógra tosaigh faoi shárú

Más dócha go mbeidh riosca ann do chearta agus do shaoirsí na ndaoine lena mbaineann mar thoradh ar shárú, tabharfaidh an tOifigeach Cosanta Sonraí fógra do na daoine is ábhar do na sonraí láithreach bonn. Úsáidfeadh teanga shoiléir shimplí san fhógra a chuirfeadh chuig na daoine is ábhar do na sonraí leis an *Fhoirm fógra maidir le sárú ar shonraí – an duine is ábhar do na sonraí*. Más rud é, mar gheall ar líon na ndaoine is ábhar do na sonraí lena mbaineann, go bhfuil sé an-deacair fógra a thabhairt dóibh ar fad, glacfaidh an tOifigeach Cosanta Sonraí na bearta is gá chun a chinntiú go dtabharfar fógra do na daoine is ábhar do na sonraí lena mbaineann trí bhealaí iomchuí atá ar fáil go poiblí.

Sa chás go bhfuil tuairisc le cur chuig Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí, déantar sin ach úsáid a bhaint as an bhFoirm Fhógra Sáraithe Náisiúnta (Aguisín A – foirm a sholáthair Oifig an

Choimisinéara) agus a sheoladh ar ríomhphost chuig [breaches@dataprotection.ie](mailto:breaches@dataprotection.ie). Léirítear i líne ábhair an ríomhphost:

- cibé is sárú 'nua' nó 'nuashonrú' ar fhógra sáraithe roimhe seo é
- ainm CNCM
- an rátáil riosca féin-dhearbhaithe don sárú.

Sampla de líne ábhair ríomhphost is ea 

Tuairisc ar Shárú Nua, CNCM, Riosca Ard
---

Déantar an tuairisciú a luaite is féidir agus laistigh de 72 uair an chloig ón am a fuair an tOifigeach Cosanta Sonraí amach faoin sárú. Má dhéantar an tuairisciú tar éis 72 uair an chloig, cuirtear an chúis leis sin in iúl d'Oifig an Choimisinéara.

Más dócha nach mbeidh riosca ann do chearta agus do shaoirsí na ndaoine lena mbaineann mar thoradh ar shárú, ní gá aon fhógra a thabhairt. Sna cásanna sin, déantar na sáruithe ar shonraí a thaifeadadh i gClár CNCM um Sháruithe ar Sonraí lena n-áirítear cur síos ar an mbunús leis an gcinneadh a rinneadh nach raibh aon riosca ann, cé a rinne an cinneadh, agus an rátáil riosca a sannadh don sárú.

### **Má tá próiseálaí sonraí (.i. tríú páirtí) freagrach as sárú**

Cinnteoigh CNCM, mar rialaitheoir sonraí, go bhfuil comhaontú i bhfeidhm idir gach próiseálaí tríú páirtí (m.sh. soláthróir párolla, cuntasóirí, eagarthóirí físe) lena chinntiú go gcosnaítear sonraí pearsanta. Má tharlaíonn sárú ar shonraí pearsanta nó má táthar in amhras gur tharla sárú laistigh den tríú páirtí, tuairisceoidh an tríú páirtí sin d'Oifigeach Cosanta Sonraí CNCM gan aon mhoill mhíchuí. Agus sin á dhéanamh, cuirfidh an tríú páirtí eolas ar fáil i dtaobh na nithe seo a leanas:

- cur síos ar an gcineál sáraithe atá i gceist
- catagóirí na sonraí pearsanta atá i gceist
- líon measta na ndaoine is ábhar do na sonraí lena mbaineann
- ainm agus sonraí teagmhála an Oifigh Cosanta Sonraí
- iarmhairtí an tsáraithe ar shonraí pearsanta
- bearta a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar an sárú ar shonraí pearsanta
- aon fhaisnéis eile a bhaineann leis an sárú ar shonraí.

Ansin leantar an nós imeachta um fhreagairt ar shárú agus an próiseas um shárú a chur in iúl de réir mar is gá.

## Aguisín J: Clár CNCM um Sháruithe ar Shonraí

### Pro forma chun Sáruihte ar Shonraí a thuairisciú – le haghaidh Chlár CNCM



Má aimsíonn tú sárú slándála ar shonraí pearsanta nó sárú atá ar tí tarlú, cuir Oifigeach Cosanta Sonraí CNCM ar an eolas láithreach ag 01 661 7177 agus [dpo@ncca.ie](mailto:dpo@ncca.ie).  
Comhlánaigh an fhoirm seo le do thoil chun sonraí faoi shárú a sholáthar agus seol chuig [dpo@ncca.ie](mailto:dpo@ncca.ie) í.

San fhoirm thíos, áirítear leis na tagairtí a dhéantar do sháruihte sáruihte a bhí ar tí tarlú.

<b>Dáta an tSáraithe/na Sáruihte ar Shonraí Pearsanta</b>	
<b>An t-am a tharla an Sárú ar Shonraí Pearsanta</b>	
<b>An dáta agus an t-am a fuarthas amach faoin sárú</b>	
<b>Ainm an té a fuair amach faoin sárú</b>	
<b>Sonraí teagmhála an té a fuair amach faoin sárú</b>	
<b>Cur síos ar an sárú</b>	
<b>Líon na ndaoine is ábhar do na sonraí lena mbaineann, má tá sé ar eolas:</b>	
<b>Leibhéal measta an riosca do phríobháideacht na ndaoine is ábhar do na sonraí** (féach ar an tábla thíos)</b>	
<b>Cur síos gairid ar ghníomhartha, más ann dóibh, a rinneadh ó fuarthas amach faoin sárú</b>	

<b>Ainm an té atá ag tuairisciú an tsáraithe</b>	<b>Ainm an té atá ag fáil na tuarascála</b>
--	---



_____ AINM PRIONTÁILTE:	_____ AINM PRIONTÁILTE:
Síniú an té atá ag tuairisciú an tsáraithe  _____	Síniú an té atá ag fáil na tuarascála  _____
Síniú	Síniú
Dáta  _____	Dáta  _____
Sonraí teagmhála an té atá ag tuairisciú an tsáraithe	Gníomh a rinneadh
	Dáta an ghnímh

**\*\* Riosca a bhaineann le sárúithe sonraí a chatagóiriú**

<b>Riosca íseal</b>	Ní dócha go mbeidh tionchar ag an sárú ar dhaoine aonair, nó is dócha nach mbeidh ach tionchar fíorbheag ann.
<b>Riosca meánach</b>	D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar ag an sárú ar dhaoine aonair, nó is dócha nach mbeidh tionchar suntasach ann.
<b>Riosca ard</b>	D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar mór ag an sárú ar dhaoine aonair lena mbaineann.
<b>Riosca trom</b>	D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar criticiúil ag an sárú ar dhaoine aonair lena mbaineann.

